



AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ
COMPANIES REGISTRATION OFFICE



CUIDEACHTAÍ SEACHTRACHA A CHLÁRÚ

BILEOG FAISNÉISE UIMH. 5 / Aibreán 2019

CLÁR ÁBHAR

1. RÉAMHRÁ	1
2. BRAINSE	1
3. MEABHRÁN AGUS AIRTEAGAIL CHOMHLACHAIS	2
4. CEANGLAIS A BHAINNEANN LE CUIDEACHTA SHEACHTRACH NUA-CHLÁRAITHE	3

1. RÉAMHRÁ

Is féidir le cuideachta (eachtrach) sheachtrach atá cláraithe thar lear brainse na bhunú sa Stát.

Cuideachta ar bith atá ionchorpraithe lasmuigh den Stát agus a bhunaíonn áit ghnó sa Stát, ní mór di a bheith cláraithe leis an CRO faoi Chuid 21 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Ní mór an chuideachta a chlárú tráth nach déanaí ná 30 lá amháin ón am a bhunaítear áit ghnó sa Stát.

Tá na foirmeacha (agus na táille comhdaithe a bhaineann leo) agus na bileoga faisnéise atá luaite san fhoilseachán seo le fáil ar www.cro.ie.

Acht na gCuideachtaí 2014

Faoi Acht nua, thiocfaidh bhainse cuideachtaí seachtracha chláráithe faoi na sean Achtanna mar Brainse AE nó neamh AE, bhainse LEE nó bhainse neamh LEE.

Tá Limistéar Eacnamaíoch na hEorpa (LEE): An Ostair, An Bhilg, An Bhulgáir, An Chipir, Poblacht na Seice, An Danmhairg, An Eastóin, An Fhionlainn, An Fhrainc, An Ghearmáin, An Ghréig, An Úngáir, An Íoslainn, Éire, An Iodáil, Poblacht na Iaitvia, Lichtinstéin, An Liotuáin, Lucsamburg, Málta, An Ísiltír, An Iorua, An Pholainn, An Phortaingéil, An Rómáin, An tSlóvaic, An tSlóivéin, An Spáinn, An tSuasalainn agus An Ríocht Aonaithe.

Cuideachta Seachtracha - Áit ghnó

Cuideachtaí seachtracha a bhí chláráithe mar áit ghnó faoi Achtanna na gCuideachtaí roimhse seo, cuirfear ar ceal iad ar thosach feidhme Acht nua na gCuideachtaí 2014. Tá an reachtaíocht maidir le háit ghnó faoi Achtanna roimhe seo aisghairthe agus ní dhéantar freastal air in Acht na gCuideachtaí 2014.

2. BRAINSE

Cad iad na nósanna imeachta a bhaineann le cuideachta sheachtrach a chlárú gur brainse í?

Cuideachta ar bith atá ionchorpraithe lasmuigh den Stát agus a bhunaíonn bhainse sa Stát, ní mór di a bheith cláraithe leis an CRO faoi 30 lá ón am a bhunaítear bhainse sa Stát.

Ní mór brainsí a chlárú ar leith i gcás áiteanna gnó nach mbíonn struchtúr bainistíochta comhaontaithe acu. Baineann na Rialacháin, a chuireann an Treoir ón gComhairle 89/666/CEE 2 ("An tAonú Treoir Déag") chun feidhme, le coibhéis na gcuideachtaí Éireannacha atá teoranta ó thaobh fiachais de.

Ní mór **Foirm F12** (do Thír LEE) nó **Foirm F13** (do Thír Neamh-LEE) a chomhlánú le gach brainse a chlárú. Ba chóir na doiciméid seo a leanas a chur isteach leis an iarratas:

- (a) Cóip dheimhnithe de Chairt, Reachtanna nó meabhrán agus airteagail na cuideachta, nó ionstraim eile ar a mbunaítear bunreacht na cuideachta;
- (b) Cóip de dheimhniú ionchorpraithe na cuideachta;
- (c) Cóip de dheimhniú ionchorpraithe na cuideachta athrú ar ainm cuideachta;
- (d) Cóipeanna de na doiciméid chuntasaíochta is déanaí atá riachtanach faoi ailt 1303/1305.
- (e) Aistriúchán
- (f) Táillí CRO.

Aistriúchán

Mura mbíonn na doiciméid seo scríofa i nGaeilge nó i mBéarla ní mór aistriúchán deimhnithe a fháil (féach 3.3. thíos).

3. MEABHRÁN AGUS AIRTEAGAIL CHOMHLACHAIS

3.1 Cad iad na ceanglais dheimhnithe?

Ba chóir cóip de mheabhrán agus airteagail chomhlachais na cuideachta (nó mura mbíonn meabhrán nó airteagail chomhlachais ar fáil, cóip den ionstraim ar a mbunaítear bunreacht na cuideachta), a dheimhniú mar fhíorchóip sa tír ina mbíonn an chuideachta ionchorpraithe ag

- (a) Cláraitheoir na gCuideachtaí sa tír sin, nó
- (b) ag nótaire poiblí sa tír sin, nó
- (c) ag oifigeach na cuideachta faoi mhionn os comhair duine sa tír sin a bhíonn údarás aige/aici duine a chur faoi mhionn.

3.2. Cad iad na ceanglais fhíordheimhnithe?

Faoi 886 Acht na gCuideachtaí 2014:

(a) Ní gá na meabhráin agus na hairteagail a thagann ó thíortha atá ag glacadh páirte i gCoinbhinsiún an AE a fhíordheimhniú. i.e. an Fhrainc, an Bheilg, An Eastóin, Poblacht na Laitvia, an Iodáil agus an Danmhairg.

(b) Ní gá fíordheimhniú breise a dhéanamh ar na meabhráin agus na hairteagail a thagann ó thíortha atá ag glacadh páirte i gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa, ar an gcoinníoll go bhfuil na doiciméid sin fíordheimhnithe ag gníomhairí taidhleoireachta nó consalachta ó na tíortha sin.

(c) Na meabhráin agus na hairteagail a thagann ó thíortha atá ag glacadh páirte i gCoinbhinsiún na Háige, déantar iad a fhíordheimhniú trí dheimhniú scríofa a fháil ó “údarás inniúil” na tíre sin.

(d) Ní mór na meabhráin agus na hairteagail a fhíordheimhniú mar seo a leanas, a thagann ó thíortha nach bhfuil páirt á ghlacadh acu sna Coinbhinsiúin thuas:

- Nuair a bhíonn an doiciméad deimhnithe ag Cláraitheoir na gCuideachtaí, ní mór d’oifigeach an rialtais sa tír atá i gceist seala nó síniú an Chláraitheora a fhíordheimhniú, agus stampa a chur air in Ambasáid na hÉireann sa tír sin.
- Nuair a bhíonn an doiciméad deimhnithe ag nótaire poiblí, ba chóir don síniú nó seala a bheith fíordheimhnithe ag Oifigeach Ambasáid na hÉireann.
- Nuair a bhíonn an doiciméad deimhnithe faoi mhionn ag oifigeach na cuideachta, ba chóir stádas an duine ar féidir leis/léi duine a chur faoi mhionn a bheith fíordheimhnithe ag oifigeach Ambasáid na hÉireann.

Chun liosta suas chun dáta a fháil de thíortha Choinbhinsiún na Háige agus den údarás inniúil atá ainmnithe do gach dlíne, féach http://www.hcch.net/index_en.php?act=conventions.text&cid=41

An Afraic Theas	An Albáin	Andóra	Antigua & Barbúda
An Airgintín	An Arméin	An Astráil	An Asarbaiseáin
Na Bahámaí	Barbadós	An Bhealarúis	An Bheilg*
An Bheilís	Bosnia & Heirseagaivéin	An Bhotsuáin	Brúine Darasalám
An Bhulgáir	An Chasacstáin	An Chipir*	An Cholóim
An Chóiré	Oileáin Cook	An Chróit	An Danmhairg*
Doiminice	Eacuadór	An Eastóin	Éire
An Eilvéis	Fidsí	An Fhionlainn	An Fhrainc*
An Ghearmáin	An Ghréig	Grenada	Hondúras
An India	An Iodáil*	An Iorua	An Íoslainn
Iosrael	An Ísiltír	Poblacht na Laitvia*	Leosóta
An Libéir	Lichtinstéin	An Liotuáin	Lucsamburg
IPI na Macadóine	An Mhaláiv	Málta	Oileáin Marshall
Meicsiceo	An Mholdóiv	Monacó	Montainéagró

Oileáin Mhuirís	An Namaib	Niue	An Nua-Shéalainn
An Ostair	Panama	An Pholainn	An Phortaingéil
An Ríocht Aontaithe	An Rómáin	Cónaidhm na Rúise	An tSalvadóir
Samó	San Críostóir Nimheas	San Lucia	San Mairíne
San Uinseann agus na Greanáidíní	Sao Tome e Principe	An tSeapáin	Poblacht na Seice
An tSeirbia	Na Séiséil	An tSeoirsia	An tSlóivéin
An tSlóvaic	An tSín (Hong Cong)	An tSín (Macao)	Na Stáit Aontaithe
An Spáinn	An tSualainn	An tSuasalainn	Suranam
Tonga	Oileáin na Tríonóide & Tobága	An Tuirc	An Úcráin
An Ungáir	Veiniséala		

3.3. Cad iad na nósanna imeachta a úsáidtear chun na doiciméidí a aistriú?

Mura mbíonn an doiciméid i nGaeilge nó i mBéarla, ní mór iad a aistriú. Má thagann na doiciméid seo ó thír atá ag glacadh páirte i gceann de na Coinbhinsiúin thuas, ba chóir a dheimhniú sa tír sin go bhfuil an doiciméad aistrithe i gceart ag an aistritheoir, agus ba chóir é seo a dhéanamh os comhair nótaire poiblí.

Mura mbíonn an doiciméad clúdaithe ag na Coinbhinsiúin thuas, agus má dhéantar an doiciméad a aistriú i dtír eile, caithfidh oifigeach taidhleoireachta nó consalachta Éireannach a dheimhniú gur aistriúchán ceart é nó caithfidh sé a bheith déanta ag aistritheoir ar féidir leis an oifigeach a dheimhniú gur aistritheoir inniúil é/fí.

Má dhéantar an doiciméad a aistriú in Éirinn, ba chóir dó a bheith deimhnithe ag nótaire poiblí nó aturnae.

4. Ceanglais a Bhaineann le le Cuideachta Sheachtrach Nua-Chláráithe

Post Registration requirements

Cibé an bhfuil an Brainse ina cheann de chuid cuideachta LEE nó cuideachta neamh-LEE, na doiciméid agus na fógraí seo a leanas laistigh de 30 lá tar éis an dáta ar ar tharla an teagmhas lena mbaineann, eadhon—

- Ba chóir aon doiciméad lena ndéantar nó lena bhfianaítear athrú ina chuid doiciméad bunreachtá a fhógairt ar Fhoirm F2 agus le téacs léasaithe a chuid doiciméad bunreachtá.

- Fógra i dtaobh athrú i measc na stiúrthóirí, na rúnaithe, na ndaoine atá údaraithe chun ionadaíocht a dhéanamh ar an gcuideachta i ndéileáil le tríú páirtithe agus in imeachtaí dlí, na ndaoine atá údaraithe chun glacadh le seirbheáil doiciméad nó na ndaoine atá údaraithe chun a áirithiú go gcomhlíonfar forálacha an Achta. Ba chóir athrú ar bith ar aon cheann de na sonraí a bhaineann leis na daoine sin a chur in iúl freisin ar Fhoirm F3, agus dáta an athraithe a bheith sonraithe.
- Fógra i dtaobh athrú ar sheoladh an bhrairse mar aon le seoladh nua an bhrairse ar Fhoirm F4.
- Ba chóir fógra i dtaobh fhoirceannadh na cuideachta, ceapadh leachtaitheora amháin nó níos mó, sonraí a bhaineann leo agus lena gcumhachtaí agus le foirceannadh an fhoirceanta agus sonraí a bhaineann le himeachtaí dócmhainneachta, comhshocraíochtaí, imshocraíochtaí nó aon imeachtaí cosúil leo a bhfuil an chuideachta faoina réir a chur in iúl ar Fhoirm F14 mar aon le fógra i dtaobh dhúnadh an bhrairse nó é a bheith scortha ar shlí eile de bheith bunaithe sa Stát.

4.2. Cén fhaisnéis ar gá do bhrairse EEA a thaispeáint?

Caithfidh na sonraí seo a leanas bheith ar na litreacha agus na foirmeacha ordaithe ar fad a bhíonn in úsáid ag brainse cuideachta:

- áit chlárúcháin na cuideachta
- uimhir chlárúcháin na cuideachta
- ainm na cuideachta (mar atá difrúil on ainm na bhrairse) agus foirm dhlíthiúil na cuideachta
- seoladh na hoifige cláráithe

- i gcás cuideachta atá á fhoirceannadh, ní mór na sonraí seo a leanas a lua
- áit chlárúcháin an bhrainse agus a uimhir chlárúcháin

Nuair a dhéantar tagairt do scairchaipiteal na cuideachta ar litreacha nó foirmeacha ordaithe, scairchaipiteal íoctha a bheidh i gceist.

Má bhaineann an chuideachta úsáid as ainm trádála eile seachas a hainm chorparáideach, caithfidh an t-ainm gnó a bheith cláraithe, ag úsáid Foirme RBNIB, faoin Acht um Chlárú Ainmneacha Gnó 1963.

Brainse neamh-LEE

Caithfidh na sonraí seo a leanas bheith ar na litreacha agus na foirmeacha ordaithe ar fad a bhíonn in úsáid ag brainse cuideachta neamhe LEE:

- má cheanglaítear faoi dhlí an stáit ina bhfuil an chuideachta corpraithe go mbeadh iontráil i gclár, áit chlárúcháin na cuideachta agus an uimhir faoina bhfuil sí cláraithe; agus
- ainm na cuideachta (mar atá difrúil on ainm na bhrainse);
- áit chlárúcháin an bhrainse agus a uimhir chlárúcháin

Nuair a dhéantar tagairt do scairchaipiteal na cuideachta ar litreacha nó foirmeacha ordaithe, scairchaipiteal íoctha a bheidh i gceist.

Má bhaineann an chuideachta úsáid as ainm trádála eile seachas a hainm chorparáideach, caithfidh an t-ainm gnó a bheith cláraithe, ag úsáid Foirme RBNIB, faoin Acht um Chlárú Ainmneacha Gnó 1963.

4.2. Cad iad na doiciméid chuntasaíochta ar gá a chomhdú leis an CRO?

Cuirtear de cheangal ar na cuideachtaí go léir, lena n-áirítear cuideachtaí príobháideacha, ag a mbíonn brainse acu sa Stát, na doiciméid seo a leanas a chomhdú:

- cuntais na cuideachta don tréimhse, lena n-áirítear cuideachtaí le fochuideachta amháin nó níos mó, cuntais chomhdhlúite an ghrúpa
- tuarascáil bhliantúil na stiúrthóirí don tréimhse
- tuarascáil na n-iniúcháirí ar chuntais na cuideachta
- tuarascáil na n-iniúcháirí ar thuarascáil na stiúrthóirí

Ní mór Foirm F7 a chur isteach leis na doiciméid chuntasaíochta.

Stát ina gceanglaítear tuairisceáin a chur i láthair

Ba chóir na doiciméid chuntasaíochta sin a sheachadadh ar an gCláraitheoir de réir mar a cheanglaítear, más cuí, go gcuirfead ar fáil don phobal iad, de réir dhlíthe an stáit ina bhfuil sí corpraithe. Más ó Stát ina gceanglaítear tuairisceán a dhéanamh atá cuideachta neamh-LEE, agus más mian léi é, féadfaidh sí a chur faoi bhráid an Chláraitheora cóip de na cuntais, agus tuarascáil bhliantúil na stiúrthóirí ina leith (arna n-ullmhú de réir—

(i) Threoir 2013/34/EU ón gComhairle; nó

(ii) caighdeán idirnáisiúnta um thuairisciú airgeadais, cuntais agus tuarascáil bhliantúil na stiúrthóirí ina leith; agus mura bhfuil na himthosca den sórt sin nach bhfuil iniúchadh na gcuntas ceangailte faoin ngníomh Comhphobail ábhartha, a chur faoi deara na cuntais sin agus an tuarascáil bhliantúil sin a iniúchadh de réir Threoir - SI 312 2016 - Audit Regulations. Ba chóir di freisin comhdú a dhéanamh ar chóip de thuarascáil an iniúcháir ar na cuntais sin agus ar an tuarascáil bhliantúil sin mura bhfuil díolúine aici ina leith sin.

Stát nach gceanglaítear tuairisceáin a chur i láthair ann

Mura gceanglaítear, faoi dhlíthe an stáit ina bhfuil sí corpraithe, go gcuirfidh an chuideachta neamh-LEE faoi deara go n-ullmhófar doiciméid chuntasaíochta, cuirfidh an chuideachta sin faoi deara, maidir le gach bliain, go n-ullmhófar de réir—

(i) Threoir 2013/34/EU ón gComhairle; nó

(ii) caighdeáin idirnáisiúnta um thuirisciú airgeadais, cuntais agus tuarascáil bhliantúil na stiúrthóirí ina leith; agus mura bhfuil na himthosca den sórt sin nach bhfuil iniúchadh na gcuntas ceangailte faoin ngníomh Comhphobail ábhartha, a chur faoi deara na cuntais sin agus an tuarascáil bhliantúil sin a iniúchadh de réir Threoir (SI 312 2016 - Audit Regulations), agus go seachadfar ar an gClárúitheoir iad tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis an dáta ar a gcuirfear a n-ullmhú i gcrích.

Spriocdháta

Déanfar cóip de na doiciméid chuntasaíochta nó na cuntais agus na doiciméid eile a sheachadadh ar an gClárúitheoir tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis—

(i) i gcás na ndoiciméad cuntasaíochta sin, an dáta deiridh ar ab amhlaidh, de réir dhlíthe an stáit ina bhfuil sí corpraithe, gur ceanglaíodh ar an gcuideachta neamh-LEE a chur ar fáil don phobal na doiciméid chuntasaíochta sin; nó

(ii) i gcás na gcuntas agus na ndoiciméad eile, mura gceanglaítear na tuairisceáin a chur i láthair, an dáta deiridh ar ab amhlaidh, de réir na ndlíthe sin, go gceanglófaí ar an gcuideachta neamh-LEE na cuntais sin agus na doiciméid eile sin a chur ar fáil don phobal dá mba rud é gur doiciméid chuntasaíochta iad;

agus mura gceanglaítear, faoi dhlíthe an stáit ina bhfuil sí corpraithe, go gcuirfidh an chuideachta neamh-LEE faoi deara go n-ullmhófar doiciméid chuntasaíochta atá ullmhaithe aici, an dáta ar a mbeidh ullmhú na ndoiciméad cuntasaíochta nó na gcuntas agus na ndoiciméad eile sin curtha i gcrích.

AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ
Oifig Poiblí: Teach Bloom, Plás Gloucester Íochtarach, BÁC 1
Fiosruithe: Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach, R93 E920

Lóghlao: 1890 220 226
Fón: +353 1 804 5200
Ríomhphost: info@cro.ie **Láithreán:** www.cro.ie

COMPANIES REGISTRATION OFFICE
Public Office: Bloom House, Gloucester Place Lower, Dublin 1
Postal Enquiries: O'Brien Road, Carlow, R93 E920

Lo Call: 1890 220 226
Tel: +353 1 804 5200
Email: info@cro.ie **Web:** www.cro.ie